



An Bhruiséil, 12 Nollaig 2016
(OR. en)

15508/16

AGRI 676
AGRILEG 197

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú agus dul i ngleic le cleachtais trádála éagóracha
	- Conclúidí ón gComhairle (12 Nollaig 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú agus dul i ngleic le cleachtais trádála éagóracha,

a ghlac an Chomhairle ag an 3509ú cruinniú a bhí aici ar an 12 Nollaig 2016.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú agus dul i ngleic le cleachtais trádála éagóracha

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. AG FÉACHAINT do thuarascáil Eanáir 2016 ón gCoimisiún maidir le "Cleachtais trádála éagóracha idir gnólachtaí sa bhiashlabhra", rún Mheitheamh 2016 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cleachtais trádála éagóracha, an tuarascáil ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 30 Meán Fómhair 2016 maidir le cleachtais trádála éagóracha idir gnólachtaí sa bhiashlabhra, an toradh ar an bhFóram polaitiúil "Athmhachnamh ar an mbiashlabhra" a tionóladh i Kaunas ar an 31 Márta 2016 agus ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Saineolaithe maidir le "Seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú" a tionóladh sa Bhrataisláiv ar an 30 Meitheamh-1 Iúil 2016, Aitheasc faoi Staid an Aontais 2016 ón Uachtarán Juncker mar aon le tuarascáil Thascfhórsa na Margaí Talmhaíochta a tíolacadh don Chomhairle ar an 15 Samhain 2016. AG MEABHRÚ DI an aird a tugadh go rialta ar an tsaincheist faoi sheasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú in obair na Comhairle.
2. AGUS É Á MHEAS AICI go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le hinbhuanaitheacht an bhiashlabhra don Aontas Eorpach agus go bhfuil a fheidhmiú ceart riachtanach ar mhaithe le tomhaltóirí agus le feirmeoirí na hEorpa.
3. AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur d'fhone biashlabhra a fheidhmeoidh go maith mar aon le fás eacnamaíoch agus fostaíocht a bhaint amach, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an caidreamh idir gníomhaithe uile an tslabhra cothrom, go ndáilfí breisluach go cothrom eatarthu agus gur féidir le tomhaltóirí a gcuid roghanna a dhéanamh ar bhonn neamhfhoirmiúil. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar tháirgí áitiúla a éascú.

4. AG CUR IN IÚL GO LÁIDIR DI nach mór inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus iomaíochas fadtéarmach gnólachtaí feirmeoireachta agus agraibhia san Aontas a chur san áireamh sna breithnithe maidir le beartas i ndáil leis an gComhbheartas Talmhaíochta reatha mar aon le CBT iar-2020.

Seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú

5. IS CÚIS IMNÍ DI cé go bhfuil an staid éagsúil ar fud an Aontais, gurb iad na feirmeoirí an nasc is leochailí i gcónaí sa bhiashlabhra d'ainneoin an-chuid iarrachtaí chun é sin a athrú, agus go bhfuil sé sin soiléir go háirithe in am na géarchéime sna margaí talmhaíochta.
6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil na rioscaí atá mar dhlúthchuid den ghnólacht agraibhia dailte go cothrom feadh an bhiashlabhra. AITHNÍONN SÍ go mbaineann formhór na rioscaí sa bhiashlabhra le feirmeoirí agus go mba cheart go roinnfí na rioscaí níos cothroime i measc ghníomhaithe difriúla an tslabhra.
7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, d'fhonn inmhathanacht feirmeacha, a n-iomaíochas agus a dteacht aniar a choinneáil agus a fheabhsú, is gá féachaint faoi uirlisí bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais, a bheadh comhlántach le straitéisí náisiúnta na mBallstát agus a bheadh comhordaithe leo, lena n-áirítear a gcur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach.
8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh margaí todhchaíochtaí a fheidhmíonn mar is ceart bheith ina n-uirlis bainistíochta riosca thábhachtach d'fheirmeoirí agus do ghníomhaithe eile an bhiashlabhra nuair a bhíonn luaineacht mhéadaithe praghsanna ann tríd an riosca a roinnt agus cobhsaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí le haghaidh réamhphleanáil, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus le comhairle theicniúil chun rannpháirtíocht sna margaí sin a éascú.
9. TACAÍONN SÍ le tuilleadh forbartha agus scaipeadh conarthaí caighdeánacha lena n-úsáid ag oibreoirí sa bhiashlabhra ar bhonn deonach, mar aon le dea-chleachtais maidir le conarthú a roinnt agus a chur chun cinn.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh a ghlac an Coimisiún Eorpach, arb é is aidhm dóibh seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a fheabhsú, go háirithe Fóram Ardleibhéil a bhunú le haghaidh Biashlabhra a Fheidhmeoidh níos Fearr, Tascfhórsa na Margaí Talmhaíochta a luadh cheana agus bearta lena rannchuidítear le heagraíochtaí táirgeoirí a fhorbairt, lena n-áirítear comharchumainn.
11. AITHNÍONN SÍ go soláthraítear leis an gComhbheartas Talmhaíochta reatha roinnt ionstraimí chun seasamh na bhfeirmeoirí a neartú. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil difríocht shuntasach idir a éifeachtúlacht is atá siad sna Ballstáit éagsúla agus d'fhéadfaí cuid de na hionstraimí sin a fheabhsú, amhail eagrú na bhfeirmeoirí agus an comhar eatarthu a chur chun cinn ar fud an Aontais, tacú le heagraíochtaí táirgeoirí agus le comhar ingearach laistigh den bhiashlabhra in eagraíochtaí idirchraoibhe, chomh maith le soiléireacht dhlíthiúil a mhéadú ionas go mbainfidh eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, úsáid níos fearr as na maoluithe ó dhlí na hiomaíochta a bhaineann go sonrach le talmhaíocht, agus na struchtúir comhair atá ann cheana féin á n-urramú ag an am céanna.
12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur chun biashlabhra a fheidhmeoidh níos fearr a dhaingniú, tá sé riachtanach aisiméadracht faisnéise a laghdú agus trédhearcacht na margaí a mhéadú, lena n-áirítear ar leibhéal na dtomhaltóirí go háirithe maidir le faisnéis thráthúil i ndáil le praghsanna nó le corrlaigh ar gach leibhéal den bhiashlabhra, más indéanta, agus ualach riaracháin agus costais á n-íoslaghdú ag an am céanna.
13. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cruthaíodh ardáin faireacháin amhail an Fhaireachlann um Margadh an Bhainne agus an Fhaireachlann um Margadh na Feola, agus is díol sásaimh di an obair a rinne an Uirlis Eorpach um Fhaireachán ar Phraghsanna Bia, agus é Á LÉIRIÚ AICI gur tríd an bhfaireachán sin a shíneadh go gach leibhéal den slabhra, seachas amháin ag geata na feirme, maidir le líon roghnaithe táirgí, earraí agus ionchur go dtabharfaí breisluach soiléir i dtaca le cabhrú le feirmeoirí iad féin a oiriúnú i gceart do chomharthaí an mhargaidh, agus prionsabail na rúndachta agus na hiomaíochta córa á n-urramú agus costais riaracháin á gcoinneáil chomh híseal agus is féidir ag an am céanna.
14. SPREAGANN SÍ faireachlanna ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun obair i gcomhar lena chéile agus chun sonraí a mhalartú d'fhonn trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú agus cuidiú níos fearr le feirmeoirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

Ag Dul i nGleic le Cleachtais Trádála Éagóracha

15. IS ÚDAR IMNÍ DI cé go bhfuil an staid éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, mar gheall ar an seasamh caibidlíochta lag atá ag feirmeoirí go minic bíonn siad faoi réir cleachtais atá i bhfad ó dhea-iompar tráchtála agus atá contrártha le meon macánta agus cóirdhéileáil ("cleachtais trádála éagóracha").
16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-áirítear le samplaí de na cleachtais sin íocaíochtaí déanacha míchuí, aistriú éagórach costas nó rioscaí, athruithe aontaobhacha agus/nó cúlghabhálacha ar chonarthaí agus foirceannadh éagórach conartha, ach níl na samplaí teoranta dóibh siúd.
17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ghlac fiche Ballstát reachtaíochtaí agus tionscnaimh chun cleachtais trádála éagóracha a chomhrac agus go bhfuil sé ar intinn ag níos mó Ballstát é sin a dhéanamh go luath.
18. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú luachmhar tionscnamh deonach, go háirithe Tionscnamh Shlabhra an tSoláthair, le hathrú cultúrtha agus le malartú dea-chleachtas atá ag teastáil chun plé le cleachtais trádála éagóracha, agus mar sin LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé na tionscnaimh sin a leanúint, a fhorbairt agus a neartú. Ag an am céanna, TÁ SÍ AR AN EOLAS faoina teoranta atá siad maidir le bacadh éifeachtach a áirithiú i gcoinne na gcleachtas sin agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí iad a chomhlánú, inter alia, le cur chuige rialála ar leibhéal an Aontais.
19. CUIREANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le cothroime iomaíochta do na gníomhaithe go léir sa bhiashlabhra ar fud an Aontais, arbh fhéidir a bhaint amach trí chreat reachtach coiteann maidir le cleachtais trádála éagóracha agus MEABHRAÍONN SÍ an tacaíocht láidir ó Pharlaimint na hEorpa le haghaidh cur chuige den chineál sin, mar a cuireadh in iúl ina rún ó Mheitheamh 2016.
20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an prionsabal bunúsach sa tuarascáil ó Thascfhórsa na Margái Talmhaíochta i bhfabhar cur chuige bonnlíne nach ndéanfaidh dochar do na córais atá ag feidhmiú sna Ballstáit, ach ag an am céanna lena dtabharfar aghaidh ar shaincheist an fhorfheidhmithe éifeachtaigh.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé rómhaorlathas a sheachaint agus mar sin IARRANN SÍ go mbeadh aon chreat rialála de chuid an Aontais cuíchóirithe, go bhféadfaí é a chur chun feidhme go héasca agus go mbeadh sé costéifeachtach. Agus prionsabal na coimhdeachta á urramú agus ag féachaint do chórais dlí na mBallstát, ba cheart don chreat sin, más riachtanach, sainmhíniú bonnlíne a leagan amach le haghaidh cleachtais trádála éagóracha agus forail a dhéanamh don fhéidearthacht go ndéanfaí gearáin anaithnide chun dul i ngleic le "gné na heagla", do chomhlacht neamhspleách fiosrúcháin agus do chóras éifeachtach smachtbhannaí.

Gníomhaíocht leantach

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na conclúidí sin a chur san áireamh agus é i mbun gníomhaíochta go luath chun seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú.
23. Go háirithe, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tabhairt faoi mheasúnú tionchair, ar bhonn tráthúil, d'fhonn creat reachtach an Aontais nó bearta eile neamhreachta a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais trádála éagóracha i gcomhréir leis na conclúidí seo, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú agus córais náisiúnta a fheidhmíonn go maith mar aon le cosaint náisiúnta reachtúil atá ann cheana féin á gcoimirciú. Agus a measúnú tionchair á ullmhú aici, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chun feidhme agus feidhmiú córas náisiúnta sna Ballstáit a scrúdú agus gnéithe atá i gcoiteann sna córais sin a chur san áireamh. Ba cheart d'aon chreat de chuid an Aontais bheith comhlántach le tionscnaimh dheonacha atá ann cheana féin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.
24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt, le tráthchlár réasúnta agus ar bhealach comhordaithe, ar shaincheist na heaspa trédhearcachta agus an aisiméadracht faisnéise ar gach leibhéal den bhiashlabhra, i gcás inar féidir, lena n-áirítear ar leibhéal na dtomhaltóirí.
25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún soiléireacht dlí a sholáthar ionas go mbeadh tuiscint níos fearr ag eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, ar na maoluithe ó dhlí na hiomaíochta a bhaineann go sonrach le talmhaíocht agus go mbainfidís úsáid níos fearr astu, agus na struchtúir chomharchumainn atá ann cheana féin á n-urramú.
26. SPREAGANN SÍ na Ballstáit chun obair i gcomhar lena chéile trí dhea-chleachtas a mhalartú maidir le córais náisiúnta rialála atá ann cheana féin ar chleachtais trádála éagóracha agus eagraíochtaí táirgeoirí.

27. TÁ SÍ MEÁITE AR mheasúnú a dhéanamh, sa chéad leath de 2018 agus ar bhonn tuarascáil ón gCoimisiún, ar an dul chun cinn arna dhéanamh i ndáil le cleachtais trádála éagóracha a chomhrac agus seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú.
-